Plean le Tinreamh a fheabhsú

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Raitéas Tinreamh Choláiste na bPiarsach 71380n

Ainm Scoile	Coláiste na bPiarsach
Seoladh	Ros Muc, Co. na Gaillimhe
Uimhir rolla	71380n
Fís na scoile i dtaobh tinreamh	Go gcuirfidh Coláiste na bPiarsach suíomh oscailte agus tacúil don bhfoghlaim ar fáil dár scoilphobal, áit a bhéas fonn ar scolairí freastal uirthi go rialta.
Dáta athbhreithnithe	Cruinniú athbhreithnithe an Bhord Bainistíochta deireadh an scoilbhlain 2017/18
Dáta ar ghlac an Bord Bainistíochta leis an raitéas tinreamh	29/01/18
Dáta ar seoladh an raitéas ar aghaidh chuig TULSA	30/01/18

Plean le Tinreamh a fheabhsú

Spriocanna:
Léirigh go soiléir an chaoi inar cheart go dtiocfadh feabhas ar THINREAMH mar thoradh ar bhearta i bplean DEIS na scoile (cuir uimhir leis na spriocanna)

1. Chaill seisear nó 7% den scoilphobal ós cionn 20 lá i 2016/17(15.4% go náisúnta 2013/14). Tá súil an figiúr sin a choinéal mar atá.
2. Tiocfaidh laghdú 25% ar an líon scoláirí a théann abhaile go luath i rith an lae scoile le linn na scoilbhlian 2018/19.
3. Chaill 6% den scoilphobal laethanta i 2016/17(7.5% go náisiúnta 2013/14). Tá súil an figiúr sin a choinnéal nó a isliú de bheagán.

Gníomhartha:
Luaigh na bearta atá molta (idir chinn reatha agus chinn nua) le TINREAMH a fheabhsú. *Ba cheart go ndéanfaí na gníomhartha i ndiaidh a chéile agus go mbeidís comhordaithe thar thréimhse trí bliana an phlean leis an éifeacht is mó is féidir a bhaint amach*.

Beart	Chun díriú ar sprioc(anna) uimh.*	**Cé?**	**Príomhfhreagracht**	**Cathain?**	**Acmhainní?**
Beart 1: Cuirfidh múinteoirí córas taifid tinrimh i bhfeidhm do chuile rang. *(Leibhéal 1 den gCantanam Tacaíochta)*	1-3				
• Coinneoidh múinteoirí an córas VSware tinrimh go cruinn (an rolla a ghlacadh go cruinn ag chéad rang an lae). Coinneoidh siad taifead de theacht i láthair déanach agus imeacht luath ar an gcóras chomh maith I rith an lae.		Gach múinteoir	Príomhoide/Leas-Príomhoide	Go laethúil	Córas VSware Treoir i scríbhinn do chuile mhúinteoir ag tús na bliana
• Coinneoidh múinteoirí rollaí cruinne ranga agus teacht i láthair déanach agus imeacht luath a chur i dtaifead chomh maith.		Gach múinteoir	Gach múinteoir	Go laethúil	Dialann ranga

* D'fhéadfadh beart amháin freastal ar níos mó ná sprioc amháin

Plean le Tinreamh a fheabhsú

• Mura bhfuil scoláire i láthair i rang mar ba chóir, ba chóir don mhúinteoir ranga é sin a chur in iúl láithreach (i.e. nóta a chur ón rang) don phríomhoide, nó leas-phríomhoide,nó – mura bhfuil siadsan ar fáil – do mheán-bhainistíocht na scoile chun go bhfiosróidh siad an scéal.		Gach múinteoir Bainistíocht na scoile	Bainistíochta na scoile	Go laethúil	
• Seolfar téacs abhaile thríd Córas VSware go laethúil i dtaobh aon ghasúr atá as láthair gan cúis.		Bainistíocht nó rúnaí na scoile	Bainistíocht na scoile	Go laethúil	Córas VSware
• Coinneoidh cibé múinteoir atá i bhfeighil imeacht scoile tuismitheoirí ar an eolas faoi na n-imeachtaí sin. Marcáilfidh siad an rolla do gach scoláire atá imithe ar imeacht scoile a d'eagraigh siad in am cuí. Cuirfidh an múinteoir liosta de na scoláirí a bheidh imithe ar an gclár sa seomra foirne chomh maith le fógra faoin imeacht.Beidh gnáth ranganna ag scoláirí nach mbíonn ag glacadh páirte sna himeachtaí ar chúis amháin nó ar chúis eile.		Gach múinteoir	Múinteoir i bhfeighil imeachta	Chomh luath agus is féidir ar lá an imeachta.	Liosta scoláirí a bheidh as láthair ar an gclár sa seomra foirne agus an imeacht a bheidh ar siúl, am a bhfuil súil teacht ar ais.
• Iarr ar scoláirí nótai a thabhairt gach maidin agus cuir isteach sa chód san oifig iad chomh maith le glaoch ó thuismitheoir ar laethanta nach bhfuil scoláire i láthair.		Gach tuismitheoir	Bainistíocht na scoile	Go laethúil	Cód tinrimh (i.e. mias na nótaí asláithreachta)

Plean le Tinreamh a fheabhsú

Beart 2: Cuirfidh múinteoirí coinníollacha foghlama cuí i bhfeidhm sna ranganna. *(Leibhéal 1 den gCantanam Tacaíochta)*	1-3				
• Féachfaidh múinteoirí chuige nach mbíonn siad ag cailleadh ranganna ró-mhinic de bharr a bheith imithe chuig imeachtaí sheach-churaclaim (cúrsaí FGL, gníomhaíochtaí sheach-churaclaim do scoláirí &rl).		Gach múinteoir	Príomhoide	Go leanúnach	
• Foireann scoile ar fad – cothóidh muid atmaisféar tacúil, dearfach agus fáiltiúil don scoláire.		Foireann na scoile	Gach ball den bhfoireann	An t-am go léir	
• Múinteoirí - cinntigh chomh fada agus is féidir go mbeidh teagasc agus foghlaim d'ard-chaighdeán. • Curaclam diofráilte feiliúnach do riachtanais ghrúpaí nó scoláirí aonair.		Múinteoirí Múinteoirí	Bainistíocht na scoile Múinteoirí	Go leanúnach Go leanúnach	 Traenáil inscoile SESS/ Acmhainní sess.ie
• Foireann scoile ar fad – déanfaidh muid ár gcionn le feasacht a ardú maidir le dea-thinreamh ar scoil.		Múinteoirí	Bainistíocht na scoile	Go rialta	

Plean le Tinreamh a fheabhsú

Beart 3: Cuirfidh bainistiocht na scoile coinníollacha cuí i bhfeidhm chun go mbeidh freastail ar an scoil mealltach do scoláirí. *(Leibhéal 1 den gCantanam Tacaíochta)*	1-3				
• Bainistíocht – cinnteoidh go mbeidh coinníollacha i bhfeidhm a chabhraíonn le teagasc agus foghlaim d'ard-chaighdeán a chur i bhfeidhm (curaclam/clár ama/riarachán/leithroinnt uaireanta tacaíocht foghlama, líon scoláiri i ranganna). • Bainistíocht – seachain sruthú de réir ábaltacht. • Déanfar iarracht gníomhaiochtai taitneamhacha a eagrú do scoláirí (ceol/dráma/sport) le linn amanta riosca. • Déanfar bainistiú ar imeachtaí scoile sa dóigh is nach mbíonn na múinteoirí céanna ag cailleadh ranganna ró-mhinic de bharr a bheith imíthe chuig imeachtaí sheach-churaclaim, FGL &rl.		Bainistíocht na scoile/Bord Bainistíochta Múinteoirí Bainistíocht na scoile	Bainistíocht na scoile/Bord Bainistíochta Bainistíocht na scoile Príomhoide Bainistíocht na scoile	Go leanúnach Go leanúnach – le socrú roimh réidh ag cruinnithe foirne Go leanúnach	
• Má chuirtear in iúl do bhainistiocht na scoile, nó don TBSP, go bhfuil scoláire ar iarraidh ó rang,		Príomhoide Leas-phríomhoide TBSP	Bainistíocht na scoile	Chomh luath agus is féidir	

fiosróidh siad an scéal.					
Beart 4: Leanfaidh scoláirí an córas tinrmh.	1-3				
• Cuirfear scoláirí ar an eolas faoina gcuid dualgais maidir le freastal ar an scoil.		Múinteoirí ranga. Múinteoir gairmthreorach	Bainistíocht	Tionóil – dhá uair sa mhí, Le linn ranganna ar bhonn leanúnach	Rialacha scríofa sa dialann. Meabhrúchán ar an gcóras teilisfíse
• Fanfaidh an scoláire ar scoil don lá iomlán, seachas i gcásanna fíor-eisceachtúla (m.sh. droch-thinneas).		Scoláire	Tuismitheoirí	Go leanúnach	
• Ní cheadófar do aon scoláire dul abhaile luath aon lá mura bhfuil nóta ón tuismitheoir ag an scoláire roimh réidh agus mura dtagann an tuismitheoir isteach sa scoil chun an scoláire sin a bhailiú (ní bheidh cead ag *an* duine ainmníthe ag an tuismitheoir scoláire a bhailiú go dtí go gcuirfidh an tuismitheoir féin in iúl don scoil go mbeidh an duine sin ag déanamh an síniú amach.)		Scoláire	Tuismitheoir Príomhoide	Go leanúnach	Nóta sínithe roimh réidh. Tuismitheoir ag teacht **isteach sa scoi**l chun an scoláire a shíniú amach.
Beart 5: Beidh freagracht ar thuismitheoirí tinreamh maith a chinntiú. *(Leibhéal 1 den gCantanam Tacaíochta)* **NB: Úsáidtear an téarma "Tuismitheoir" sa cháipéis seo chun tagairt a dhéanamh freisin do chaomhnóir dleathach scoláire.**	1-3				
• Ba chóir do thuismitheoirí a bheith feasach faoin tionchar diúltach a bhíonn ag líon mór asláithreachtaí scoláirí ar fhoghlaim an linbh.		Tuismitheoirí	Tuismitheoirí TBSP	Oíche oscailte scoláirí i rang 6 – Oíche oscailte Cruinnithe tuismitheoirí	Cur i láthair Powerpoint

Plean le Tinreamh a fheabhsú

• Má dhéanann tuismitheoir an cinneadh scoláire a thabhairt amach ó scoil chun dul ar laethanta saoire, ba cheart don Phríomhoide iarraidh ar an tuismitheoir litir a sholáthar don scoil ina ndeirtear go bhfuil amhlaidh á dhéanamh acu agus go bhfuil siad feasach ar na himpleachtaí.		Tuismitheoir TBSP	Bainistíocht na scoile	Leanúnach	Litir (teimpléad a bheith ar fáil ag an scoil) Nóta faoin scoláire sin ar an gclár fógraí sa seomra foirne
• Tá ar thuismitheoirí nóta a chur chuig an scoil chomh luath agus is féidir má bhíonn scoláire as láthair, deireanach ar maidin, nó má bhíonn ar scoláire dul abhaile luath. Caithfidh tuismitheoir an nóta a shíniú, ainm agus rang an scoláire a chur air, am nó dáta na hasláithreachta, cúis na hasláithreachta.		Tuismitheoir	Tuismitheoir	Go leanúnach	Nóta ó thuismitheoir an scoláire.
• N.B. Caithfidh an tuismitheoir féin teacht isteach go dtí oifig dhuine de bhainistíocht na scoile (nó rúnaí na scoile) chun a ngasúr féin a shíniú amach le dul abhaile luath. I gcás éigeandála (i.e. coinne dochtúra) ní féidir le *duine ainmníthe* (mar shampla gaol eile leis an scoláire, cara leis an tuismitheoir, comharsa béal dorais leis an tuismitheoir &rl) scoláire a shíniú amach go dtí go gcuirfidh an tuismitheoir féin in iúl don scoil go mbeidh an *duine sin* ag déanamh an síniú amach.		Tuismitheoir	Tuismitheoir Bainistíocht na scoile	I gcásanna eisceachtúla, i.e. coinne dochtúra.	Nóta ó thuismitheoir an scoláire.
• Coinnítear tuismitheoirí ar an eolas faoi imeachtaí scoile. Beidh gnáth ranganna ag scoláirí nach mbíonn ag glacadh páirte sna himeachtaí ar chúis		Múinteoir atá ag eagrú na himeachta	Múinteoir atá ag eagrú na himeachta	Go Leanúnach	Téacs abhaile

amháin nó ar chúis eile.					
• Rachfar i gcomhar le tuismitheoirí maidir le hullmhú gach polasaí tinrimh.		Bord Bainistíochta Tuismitheoirí	Príomhoide Coiste na dTuismitheoirí	Gach uair go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar aon pholasaí nó straitéis tinrimh.	Cruinnithe
Beart 6: Cabhróidh Comhairle na Scoláirí leis an gCoiste Tinrimh le córas dreasachta tinrimh a chur i bhfeidhm. *(Leibhéal 1 den gCantanam Tacaíochta)*	1-3				
• Déanfaidh Comhairle na Scoláirí suirbhé ar scoláirí chun a oibriú amach cén dreasacht is fearr ba mhaith leo faoin scéim dreasachta tinrimh. Tiocfaidh siad suas le scéim dreasachta. Eagróidh siad crannchur chun na dreasachtaí a roinnt ar na scoláirí atá ina dteideal.		Scoláirí	Comhairle na Scoláirí Príomhoide	Uair sa téarma	Maoiniú DEIS – €500 sa bhliain.
• Rachfar i gcomhar le Comhairle na Scoláirí maidir le hullmhú gach polasaí/straitéis tinrimh		Comhairle na Scoláirí	Príomhoide	Gach 3 bliana	Cruinniú
Beart 7: Déanfaidh an TBSP agus Príomhoide maoirseacht ar chóras rollaí i bhfeidhm sa scoil agus déanfaidh sí bainistiú ar chóras nótaí asláithreachta. Comhlíonfar dualgaisí maidir le tuairisciú chuig TUSLA in am cuí. *(Leibhéal 1 den gCantanam Tacaíochta)*	1-3				
• Cuirfidh an Príomhoide tuairisc tinrimh chuig TUSLA		Príomhoide	Príomhoide	4 huaire sa bhliain, taobh istigh de na spriocdátaí atá tugtha ag TUSLA le haghaidh tuairiscithe tinrimh.	Córas riomhaireachta TUSLA

Plean le Tinreamh a fheabhsú

• Déanfar scoláirí a atreorú go TUSLA sna cásanna seo go léir a leanas: a. Aon scoláire faoi bhun sé bliana déag a chailleann 20 lá scoile in aon scoilbhliain amháin gan mhíniú sásúil ar na hasláithreachtaí sin (i.e. teastas dochtúra) b. Aon scoláire a chaill 20 lá scoile an scoilbhliain seo caite agus a bhfuil pátrún asláithreachta mí-shásúil le sonrú sa scoilbhliain reatha, fiú agus gan 20 lá a bheith caillte fós acu sa scoilbhliain reatha;		Príomhoide TBSP	Príomhoide	Chomh luath agus is féidir	Litir
• Déanfaidh an TBSP monatóireacht ar thaifid rollaí agus meabhróidh sí don bhfoiíreann teagaisc agus do na scoláirí a gcuid dualgais maidir le taifid rollaí, nótaí &rl.		TBSP	TBSP	Go seachtanúil, ar a laghad.	Vsware (nó an córas rollaí reatha)
• Ardóidh an TBSP feasacht i measc na scoláirí agus na múinteoirí maidir le tábhacht an dea-thinrimh.		TBSP	TBSP	Go leanúnach	Fógraí ó bhéal sa seomra foirne agus ag cruinnithe foirne.
• Seolfaidh an Príomhoide téacs abhaile chuig tuistí a bhfuil 5 lá scoile caillte ag a gcuid gasúir (le roinnt eisceachtaí, m.sh. i gcás báis nó tinnis).		Príomhoide	Príomhoide	Chomh luath agus is féidir tar éis don 5 lá a bheith caillte.	Téacs
• Seolfaidh an Príomhoide litir in am cuí chuig tuistí a bhfuil 10 lá scoile caillte ag a gcuid gasúir (le roinnt eisceachtaí, m.sh. i gcás báis nó tinnis).		Príomhoide	Príomhoide	Chomh luath agus is féidir tar éis don 10 lá a bheith caillte.	Litir

Plean le Tinreamh a fheabhsú

• Scríobhfar líon laethanta caillte ag chuile scoláire ar na tuairiscí faoi thorthaí scrúduithe a théann abhaile. Beidh an líon laethanta caillte ag chuile scoláire ar fáil ar Vsware.		Rúnaí	Príomhoide	Gach uair go dtéann tuairisic abhaile.	Litreacha
Beart 8: Oibreoidh an TBSP i bpáirtnéireacht le tuistí agus eagrais eile chun feabhas a chur ar thinreamh agus ardóidh sí feasacht maidir le dea-thinreamh i measc fhoireann na scoile, bainistíochta agus tuismitheoirí. *(Leibhéil 1 agus 2 den gCantanam Tacaíochta)*	1-3				
• Déanfaidh an TBSP rianú tinrimh ar chuile scoláire sa scoil agus cuirfidh sí an t-eolas sin ar fáil don gClár Críochnú Scoile chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil fhoriomlána freastail.		CCS	TBSP	Go miosúil	VSware
• Déanfaidh an TBSP teagmháil le tuismitheoirí – cuairt baile más féidir – a bhfuil deacrachtaí tinrimh ag a gcuid gasúir – chun féachaint an féidir leis an scoil tacú níos fearr leis an scoláire sin.		Tuismitheoirí	TBSP	Chomh luath agus is féidir tar éis 10 lá scoile a bheith caillte ag scoláire in aon scoilbhliain amháin.	Costas taistil cairr. Guthán
• Beidh ról lárnach ag an TBSP in aon pholasaí/rialacha/straitéisí bainteach le tinreamh.		Comhordaitheoir Tinrimh, TBSP	Príomhoide		

Plean le Tinreamh a fheabhsú

• Déanfaidh an TBSP iarracht an ceangal idir scoláirí i mbaol titim amach agus an scoil/pobal a threisiú, trí ghníomhú leis na tuistí (agus gníomhairí eile, m.sh. gníomhairí sláinte).		CCS OLO Meantóir Family support service Clubanna agus seirbhísí áitiúla	TBSP CCS	Go leanúnach – de réir mar a bhíonn an gá	Cruinnithe Guthán Litreacha agus Ríomhphoist
• Coinneoidh an TBSP an Clár Críochnú Scoile ar an eolas faoi scoláirí a bhfuil 10 lá scoile nó níos mó caillte acu.		Comhordaitheoir Clár Críochnú Scoile	TBSP	Chomh luath agus is féidir tar éis don scoláire 10 lá scoile a chailleadh.	Cruinniú, nó glaoch gutháin
• Eagróidh an TBSP tacaíochtaí breise do scoláirí ar spriocghrúpa an Chláir Críochnú Scoile chun feabhas a chur ar a dtinreamh.		Tuismitheoirí TBSP CCS Scoláirí ar spriocghrúpa an CCS	CCS TBSP	Deireadh Lúnasa 2017, 2018, 2019,2020	Tacaíocht aonair Meantóireacht Club staidéir Cuairteanna baile
• Eagróidh an TBSP ceangal le heagrais cosúil le Comhairle na n-Óg/Club Óige/ Cumainn Spóite áitúil chun iarracht a dhéanamh an feasacht a ardú sa phobal faoi dea-fhreastal ar scoil.		Club óige Lurgan Na Breathnaigh CYPSI	TBSP	C3 2017, 2018, 2019, 2020	Cruinniú
• Meabhróidh an TBSP do thuistí go bhfuil córas dialainne ann chun cumarsáid a dhéanamh idir mhúinteoirí agus baile maidir le hobair, nótaí tinrimh, iompar agus dul cun cinn; Go bhfuil dualgas orthu féachaint ar seo agus é a shíniú ag deireadh na seachtaine.		TBSP	TBSP	Gach cuairt baile	Gach cruinniú foirne
• Tar éis 15 lá a bheith caillte ag scoláire, cuirfidh an Clár Críochnú Scoile litir abhaile ag an tuismitheoir/caomhnóir ag meabhrú dóibh		TBSP	CCS	Chomh luath agus is féidir tar éis don 15 lá a bheith caillte.	Litir

faoin dlí a bhaineann le tinreamh (le roinnt eisceachtaí, m.sh. i gcás báis nó tinnis) agus chun coinne a shócrú leo.					
Beart 9: Oibreoidh an TBSP,Clár Críochnú Scoile agus bainistíocht na scoile i ndlúthpháirtíocht le chéile chun córas feabhsúchána tinrimh a chur i bhfeidhm. *(Leibhéil 2 agus 3 den gCantanam Tacaíochta)*	1-3				
• Beidh cruinnithe seachtainiúla, más gá idir an Príomhoide agus an TBSP chun bealaí a aimsiú le feabhas a chur ar thinreamh.		Príomhoide Leas-phríomhoide TBSP	Príomhoide	Go seachtainiúil, go dtí go bhfuil an sprioc-ráta freastail bainte amach	Cruinniú
• Tar éis 15 lá a bheith caillte ag scoláire, cuirfidh an Príomhoide I bpáirtíocht le CCS litir abhaile ag an tuismitheoir/caomhnóir. Tabharfar cuireadh don tuismitheoir freastal ar chruinniú sa scoil chun teacht suas le straitéisí chun dea-fhreastal a chur chun cinn (le roinnt eisceachtaí, m.sh. i gcás báis nó tinnis) agus plean tacaíochta tinrimh a aontú agus a chur i bhfeidhm.		TBSP Scoláire Tuismitheoir Clár Críochnú Scoile	Príomhoide	Chomh luath agus is féidir tar éis don 15 lá a bheith caillte.	Litir Cruinniú
• Déanfar atreorú go dtí an t-Oifigeach Leasa Oideachais (TUSLA) nuair atá an dlí maidir le tinreamh scoláirí á shárú ag tuismitheoir agus nuair atá iarrachtaí déanta ag an scoil an fhadhb a réiteach. Leanfaidh an t-Oifigeach Leasa Oideachais ar aghaidh leis na hiarrachtaí an fhadhb a réiteach chomh luath		Leas-Phríomhoide	Príomhoide TUSLA	De réir mar is gá (de réir dlí)	Litir

agus is féidir *(Leibhéal 3 den gCantanam Tacaíochta).* • Cuirfear tacaíocht cuí ar fáil do scoláirí atá ag cailleadh laethanta go rialta ar nós: a. Tacaíocht aonar nó ghrúpa b. Clár meantóireacht c. Luach saothair.i.e dearbhán		CCS TBSP	Bainistíocht na scoile Comhaitheoir CCS	Nuair is gá	Costaisí Foirne,dearbháin, clár meantóireacht

Monatóireacht:

Luaigh an bealach ina ndéanfar monatóireacht ar an dul chun cinn agus luaigh na heatraimh (go míosúil/uair sa téarma/go bliantúil...) in imeacht na dtrí bliana

- Déanfaidh an Príomhoide/Leas-Príomhoide monatóireacht laethúil – chomh fada agus is féidir - ar ghlaoch an rolla agus meabhróidh sí na cleachtais do na múinteoirí go seachtanúil.
- Déanfaidh múinteoirí agus bainistíocht na scoile monatóireacht ar mhúineadh agus bainistiú faoin gcuid sin den bpróiseas FMS/DEIS a bhaineann leo féin.
- Déanfaidh an TBSP rianú tinrimh go míosúil agus cuirfidh sí na figiúirí sin chuig an gClár Críochnú Scoile go míosúil.
- Déafaidh an TBSP teagmháil rialta le tuismitheoirí scoláirí nach bhfuil dea-fhreastail scoile acu.
- Cuirfidh an TBSP torthaí an rianú tinrimh faoi bhráid an Phríomhoide in am cuí chun gur féidir spriocanna a bhaint amach.
- Cinnteoidh Bainistíocht na scoile go bhfuil córas dreasachta á eagrú agus rannpháirtíocht ag Comhairle na Scoláirí.
- Déanfaidh tuismitheoirí monatóireacht ar a gcuid gasúir agus féachfaidh siad chuige nach ligeann siad dá gcuid gasúir fanacht sa mbaile mura bhfuil éigeandáil i gceist (m.sh. mór-thinneas &rl)

Plean le Tinreamh a fheabhsú

- Cuirfear tuairisc bhliantúil tinrimh os comhair an Bhoird Bainistíochta ina luafar líon na scoláirí a chaill 20 lá nó níos mó, mean ráta asláithreachta na scoile– c2 2017, 2018, 2019 2020

Meastóireacht:

Luaigh an bealach ina ndéanfar meastóireacht ag ceann na dtrí bliana ar éifeacht na mbeart um THINREAMH
Luaigh an bealach ina dtomhaisfear an dul chun cinn ag baint úsáide as an mbonnlíne agus as spriocanna mar threoir

- Déanfar meastóireacht i bpáirtíocht le Clár Criochniú Scoile ar líon na scoláirí a chaill 5,10,15, 20 lá chun patrúin ar leith a thabhairt faoi deara agus an plean a leasú mar is cóir.
- Déanfaidh an TBSP comparáid idir líon na bpáirt-laethanta a cailleadh ag deireadh chuile téarma den scoilbhliain 2017-18 agus ins na blianta ar fad le linn treimhse feidhme an phlean chun patrúin ar leith a thabhairt faoi deara agus an plean a leasú dá réir.
- Cuirfear líon na laethanta a chaill na scoláirí ina h-iomláine i gcomparáid le rátaí asláithreachais go náisiúnta.

_____ _____

Príomhoide na scoile Cathaoirleach an Bhoird

Dáta:_____